


# Drámaí

don dara agus an tríú bliain

# Scoileanna T1

| Eochair | | |
|---|---|---|
| **Canúintí na Gaeilge** | | |
| **U** = Canúint Uladh | **C** = Canúint Chonnacht | **M** = Canúint na Mumhan |

| | |
|---|---|
|   | ***Eoghan Gabha***<br>**le Pádraig Mac Piarais (C)**<br>Cnuasach: *Drámaí an Phiarsaigh*<br><br>Insíonn an dráma Eoghan Gabha scéal Cholm, gabha óg a thiteann i ngrá le hiníon a mháistir. Titeann scéal an dráma amach sa tréimhse díreach tar éis Chath na Bóinne.<br><br>Fágadh gan chríochnú é. Aon uair amháin a léiríodh an dráma, ag Oireachtas 1953, an bhliain ar thángthas ar an script. |
|   | ***Lá buí Bealtaine***<br>**le Máiréad Ní Ghráda (M)**<br>Cnuasach: *Gearrdhrámaí an Chéid,* Eag. Pádraig Ó Siadhail<br><br>Lá breá samhraidh atá ann. Suíonn seanfhear agus seanbhean, atá ag bualadh fúthu go fadtéarmach in ospidéal do sheandaoine, sa ghairdín ag sú na gréine. Níl aithne acu ar a chéile; nó sin mar a shíleann siad. Cuireann an lá breá samhraidh seo lá breá eile Bealtaine na blianta ó shin i gcuimhne don tseanbhean, nuair a thit sí i ngrá don chéad uair. Deir an seanfhear léi gan a bheith á bhuaireamh le seafóid den saghas sin – ach an raibh baint éigin ag an seanfhear le himeachtaí an lae chinniúnaigh sin? Beidh ort an dráma seo a léamh chun a thuilleadh eolais a fháil. |

<table>
<tr>
<td>
</td>
<td>An Casán<br>
le Séamus de Bhilmot (M)<br>
Cnuasach: Gearrdhrámaí an Chéid, Eag. Pádraig Ó Siadhail<br><br>
Cuireann an dráma síos ar aighneas a thiteann amach faoi úinéireacht phíosa talún le linn Chogadh Cathartha na hÉireann sa bhliain 1922. Dráma stairiúil é a chíorann an chaoi a stróiceann an Cogadh seo clann ar leith as a chéile. I gClann Uí Mhathúna, tá mac amháin, Mícheál ag troid ar thaobh na bPoblachtánach agus is oifigeach é an mac eile, Tomás, in Arm Shaorstáit na hÉireann. Tá an t-athair, Seán, in aighneas le muintir na háite faoi cé ar leis an píosa talún agus tá sé réidh chun bás a fháil chun an píosa talún seo a chosaint. Beidh ort an dráma seo a léamh chun a thuilleadh eolais a fháil.</td>
</tr>
<tr>
<td>
</td>
<td>Aisling Aongusa<br>
le Brian Ó Baoill (C)<br>
Cnuasach: TUB…aiste! Agus drámaí eile: Duaisdrámaí an Oireachtais<br><br>
I mBrú na Bóinne san oíche, dúisítear Aongus, fear óg dathúil agus duine de na Tuatha Dé Danann. Cloiseann sé ceol sí agus feiceann sé spéirbhean álainn ag breathnú air. Is é Aongus an t-aon duine a fheiceann an fhís seo agus an t-aon duine a chloiseann an ceol. Ní labhraíonn sí agus nuair a tharraingíonn sé uirthi, teitheann sí. Tarlaíonn an ócáid seo oíche i ndiaidh oíche ar feadh bliana.<br>
Ní thuigeann sé cuairteanna na mná áille seo ach tá sé go huile is go hiomlán i ngrá léi. Níl faic eile ar a intinn ach an spéirbhean álainn seo agus cén fáth go mbíonn sí ag teacht ar cuairt chuige. Tagann sí idir é féin agus codladh na hoíche agus cailleann sé a ghoile. Tá gach duine buartha faoi agus cuirtear fios ar an lia. Míníonn Aongus don lia nach féidir leis a bheith beo gan í.<br>
Cé hí an spéirbhean agus cá bhfuil sí? An mbeidh Tuatha Dé Danann in ann í a aimsiú agus an mbeidh an bheirt le chéile sa deireadh? Tá ríthe, draíocht agus dragan fiú sa dráma osnádúrtha, mistéireach seo atá bunaithe ar an scéal den ainm céanna ó mhiotaseolaíocht na hÉireann.</td>
</tr>
<tr>
<td>
</td>
<td>Coimhlint<br>
le Ré Ó Laighléis (C)<br>
Cnuasach: Aistear Intinne<br><br>
An choimhlint idir an tOlc agus an Mhaitheas is téama don dráma seo agus déantar sin a ríomh thar thréimhse dhá mhíle bliain. Léirítear an tOlc tríd an Diabhal a chur inár láthair agus léirítear an Mhaitheas tríd an tOracal (i.e. An Fhoinse), fear feasa atá ag dul in aois thar thréimhse dhá mhíle bliain – de réir mar a luíonn trioblóidí an domhain air.<br>
Cumtar na himeachtaí timpeall ar ghrúpa páistí atá ag imirt cártaí. Ar dhuine de na páistí seo tá Garbhán – buachaill ar maistín é. Aithníonn an Diabhal go bhfuil ‘ábhar maith sa Gharbhán seo’ agus déanann sé seilbh a ghlacadh air le go bhfeidhmeoidh an buachaill mar uirlis chun an tOlc a chur chun cinn. Tá an tOracal ar a dhícheall stop a chur le cneamhaireacht an Diabhail agus déanann sé iarracht éidreoir an chine dhaonna a léiriú do na páistí tré thrí mhír den stair a chur ar a súile dóibh. i.e. sciúrsáil Chríost, marú Martin Luther King agus an scrios núicléach. Tá críoch uafar leis an dráma.</td>
</tr>
</table>


cc BY NC